N.B.
Le bheith ar eolas de ghlanmheabhar ag daltaí don Agallamh/roimh dul ar chúrsa.
To be learned off by heart by students for Interview/before going on the course.

Cúrsa A agus Cúrsa B:

Amhrán na bhFiann Le Peadar Ó Cearnaigh

Seo dhaoibh, a chairde, duan Óglaigh,
Caithréimeach, bríomhar, ceolmhar.
Ár dtinte cnámh go buacach táid,
Faoin spéir go mín réaltógach.
Is fonnmhar faobhrach sinn chun gleo,
Is go tiúnmhar glé roimh theacht don ló,
Faoi chiúnas chaomh na hoíche ar seol,
Seo libh, canaigí Amhrán na bhFiann

Cúrfá
Sinne Laochra Fáil
Atá faoi gheall ag Éirinn
Buíon dár slua
Thar toinn do ráinig chugainn
Faoi mhóid 'bheith saor.
Seantír ár sinsear feasta
Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill;
Anocht a théam sa Bhearna Bhaoil
Le gean ar Ghaeil chun báis no saol,
Le gunnaí scréach faoi lámhach na bpiléar
Seo libh, canaigí Amhrán na bhFiann.

Cúrsa A:

Amhrán an Choláiste*(Fonn*: The Bold Fenian Men)

Déagóirí sinne atá ar son na hÉireann
Ag foghlaim is ag réiteach don saol atá le teacht.
Gaeilge, Geilleagar is Gaill ins an tír seo
Is sinne a réiteoidh as seo amach.
"An óige go deo" an mana atá againne
Anois is arís nuair a bhímid ag spraoi,
Ach nuair a bheimíd ag teastáil
Seasfaimid ar aire
"Fágaí an Bealach!" Rosc Catha na bhFiann.

Coláiste na bhFiann an coláiste seo againne
An Ghaeilge i gcónaí sin é ár ndlí.
Ord agus eagar a thug dúinn ár ngradam,
Timirí sinne ar son ár dtír
Tríd na cluichí 's spóirt agus geáitsí a bhíonn againne
Amhráin 's drámaí bunteagasc ag sníomh,
"Glaine inár gcroí, neart inár ngéag" agus
"Beart de réir ár mbriathar"
"Fágaí an Bealach!" Rosc Catha na bhFiann.

Anseo i …….. 'tá ár gColáiste suite
I measc daoine geanúla, cóir agus fial.
Eolas ár noidhreacht táimid ag fáil uathu
Rud a scaipfimid fós ar fud ár dtír.
Cumann na bhFiann, Cumann iarscoláirí
A oibríonn le chéile an chuid eile den bhliain,
Ar son Gaeilge, Geilleagar, in aghaidh Gaill sa tír seo,
"Fágaí an Bealach!" Rosc Catha na bhFiann